AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2013
COM(2013) 621 final

2013/0303 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 718/1999 maidir le beartas i ndáil le hacmhainneacht chabhlach an Chomhphobail chun iompar ar uiscebhealaí intíre a spreagadh

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Le Rialachán (CE) Uimh. 718/1999 an 29 Márta 1999 maidir le beartas i ndáil le hacmhainneacht chabhlach an Chomhphobail chun iompar ar uiscebhealaí intíre a spreagadh[1] tugadh isteach sásra rialála um acmhainneacht chabhlaigh, an riail 'sean go nua', agus é mar chuspóir aici teacht chun cinn nó méadú ró-acmhainneacht an chabhlaigh ar mhargadh na n-uiscebhealaí intíre san AE a sheachaint. Tiontaíodh an riail 'sean go nua' in Aibreán 2003 ina sásra fuireachais atá le cur i ngníomh i gcás ina mbíonn suaitheadh mór sa mhargadh den chineál dá dtagraítear i dTreoir 96/75/CE[2]. Ag teacht lena mbeartais maidir le hacmhainneacht cabhlaigh, chuir na Ballstáit a raibh uiscebhealaí acu a bhí nasctha le huiscebhealaí i mBallstáit eile agus tonnáiste cabhlaigh iomlán de bhreis is 100 000 tona acu Ciste um Uiscebhealach Intíre (an Cúlchiste) ar bun ar bhonn Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 718/1999.

Déantar na Cúlchistí a mhaoiniú ón gcistiú barrachais ó scéimeanna feabhsuithe struchtúracha a reachtáladh go dtí 28 Aibreán 1999 agus ó na ranníocaíochtaí speisialta a fuarthas faoin riail 'sean go nua'. Ranníocaíochtaí airgeadais ó thionscal iompair na n-uiscebhealaí intíre amháin atá iontu agus is tuairim is EUR 35 milliún a luach carnach faoi láthair.

Tá na cistí arna riaradh ag na húdaráis inniúla sna Ballstáit lena mbaineann de réir a gcuid reachtaíochta náisiúnta agus lena n-acmhainní riaracháin féin. Tá baint ag na heagraíochtaí náisiúnta a dhéanann ionadaíocht thar ceann iompróirí ar na huiscebhealaí intíre leis an riarachán sin i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 718/1999.

I gcomhréir le hAirteagal 3(4) agus le hAirteagal 3(5) den Rialachán, ní féidir na cúlchistí a úsáid ach in dhá chúinse[3]:

A. I gcás ina mbíonn ‘suaitheadh mór sa mhargadh’ i margadh iompair na n-uiscebhealaí intíre, dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 96/75/CE, féadfaidh an Coimisiún, ar iarraidh ó Bhallstát, bearta cuí a ghlacadh, go háirithe bearta chun aon mhéadú ar an acmhainneacht iompair atá ar fáil ar an margadh i dtrácht a chosc.

Laistigh den sainmhíniú ar Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 718/1999, is éard a thuigfear le bearta cuí ná athghníomhachtú ar an riail ‘sean go nua’, go ceann tréimhse teoranta, a bhféadfadh bearta feabhsuithe struchtúracha a bheith ag gabháil leo, e.g., íocaíocht préimheanna chun soithí a bhriseadh, arna íoc ón gcúlchiste.

B. I gcás ina mbíonn iarraidh d’aon ghuth ó na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann iompar ar uiscebhealaí intíre. Ina leithéid de chás, féadfaidh aon Bhallstát na bearta sin dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 718/1999 a ghlacadh.

Maidir le cabhlaigh an AE a nuachóiriú agus a athstruchtúrú, is iad na bearta seo a leanas atá ar fáil chun cúinsí maithe don timpeallacht agus don sábháilteacht a chruthú:

– é a dhéanamh níos fusa d’iompróirí ar na huiscebhealaí intíre atá ag fágáil an tionscail pinsean scoir luath a fháil nó bogadh go gníomhaíocht eacnamaíoch eile;

---

1 IO L 90, 2.4.1999, lch. 1-5.

2 Treoir 96/75/CE ón gComhairle an 19 Samhain 1996 maidir le córais chairtfhostaithe agus phraghsála i ndáil le hiompar naisiúnta agus idirnáisiúnta ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal, IO, 27.11.1996, lch. 12.

3 Sa Ghearmáin agus san Ísiltír, baintear úsáid as fáltais na gcistí chun tacú le hiompar ar uiscebhealaí intíre mar sin féin, ag tacú go háirithe le nuáil (NL) nó chun gairmoiliúint ar árthach traenála a sholáthar d’oibreoirí loingseoireachta intíre (DE). Níor baineadh úsaid as an gcúlchiste féin riamh.

– gairmoiliúint nó scéimeanna athoiliúna a eagrú d'oibreoirí atá ag fágáil an tionscail;

– úinéirí-oibreoirí príobháideacha a spreagadh chun dul isteach i gcomhlachais trádála;

– oiriúnú soithí don dul chun cinn teicniúil a spreagadh chun dalaí oibre a fheabhsú agus chun ceanglais sábháilteachta theicniúla a chur chun cinn; agus

– scileanna oibreoirí a fheabhsú chun forbairt agus todhchaí na trádála a chosaint.

Níor baineadh úsáid riamh as an gcaipiteal sna cúlchistí go nuige seo. Sa bhliain 2009, chuir an Ísiltír an Coimisiún ar an eolas faoi shuaitheadh mór líomhnaithe ina margadh iompair ar uiscebhealaí agus d'iarr air bearta cuí a ghlacadh i gcomhréir le Treoir 96/75/CE (cás A). Ón bhfaisnéis a soláthraíodh, áfach, ní raibh an Coimisiún in ann suaitheadh mór sa mhargadh a dhearbhú de réir shainmhíniú na Treorach.

Chuaigh eagraíochtaí ionadaíochta ar leibhéal an AE i dteagmháil leis an gCoimisiún aon uair amháin, in 2003, chun an scéal a fhiosrú maidir le deiseanna chun úsáid a bhaint as na cúlchistí (cás B). Measadh, áfach, go raibh na bearta a beartaíodh lasmuigh de raon feidhme Airteagail 8 de Rialachán (CE) Uimh. 718/1999.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na heagraíochtaí ionadaíochta an 11 Aibreán 2013 mar gheall ar na cúiseanna le nár baineadh riamh úsáid as na cúlchistí, cé go raibh an earnáil ag dul in éag, agus mar gheall ar aon réiteach a d'fhéadfadh a bheith ann. Dhearbhaigh siad go raibh raon feidhme teoranta Airteagal 8 ina bhac ar úsáid a bhaint as na cistí a ghníomhachtú. Léirigh siad go mbeidís i bhfábhar raon feidhme an Airteagail a leathnú ionas go bhféadfaí na bearta atá ann cheana féin a chur i bhfeidhm i leith gairmoiliúna nó scéimeanna athoiliúna do na baill chriú uile atá ag fágáil na hearnála. Leis an bhfoclaíocht san fhoráil mar atá ní áirítear úinéirí-oibreoirí, rud a fhágann go bhfuil céatadán maith den earnáil nach bhfuil i dteideal leas a bhaint as an gciste chun na críche sin, cé nach bhfuil aon difear idir riachtanais oiliúna oibrithe agus riachtanais bhaill chriú eile. Mheas geallsealbhóirí freisin nár mhór bearta a ghlacadh chun na cumainn ghairmiúla a threisiú ar féidir leo ilroinnt na hearnála a mhaolú. Ina theannta sin, mheas geallsealbhóirí gur mhaith an rud é beart a chur leis chun soithí a nuachóiriú agus iad a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil ó thaobh an chomhshaoil de, rud a léiríonn an scéal mar atá dáiríre ag an earnáil agus iad ag cur a bhfeidhmíocht comhshaoil ó thaobh na n-astuithe de i gcomparáid le modhanna eile iompair.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Ní chumhdaítear ach na gnéithe sóisialta sna bearta dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 718/1999. D'fhéadfaí na bearta sin a leathnú, áfach, go háirithe chun raon feidhme na scéimeanna oiliúna a mhéadú, chun eagrú na hearnála a threisiú agus chun cúinsí fabhracha a chruthú don nuálaíocht agus d'fheidhmíocht fheabhsaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Dá bhrí sin beartaítear go leathnófar na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 8 mar a leanas:

- tabharfar an deis gairmoiliúint nó scéimeanna athoiliúna a eagrú do bhaill chriú uile atá ag fágáil na hearnála, ní d'fhostaithe (nó d'oibreoirí) amháin;
- ceadófar tacaíocht chun comhlachais ghairmiúla a threisiú ar leibhéal an Aontais; agus
- spreagfar nuáil soithí agus a gcur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil ó thaobh an chomhshaoil de.

2013/0303 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 718/1999 maidir le beartas i ndáil le hacmhainneacht chabhlach an Chomhphobail chun iompar ar uiscebhealaí intíre a spreagadh**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[5],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 718/1999 suítear beartas acmhainneacht chabhlach an Aontais i leith soithí a úsáidtear chun earraí a iompar ar uiscebhealaí intíre sna Ballstáit.

(2) I dtaca le nuachóiriú agus athstruchtúrú na gcabhlach, ba cheart bearta sóisialta a bheartú chun cabhrú le hoibreoirí ar mian leo tionscal na n-uiscebhealaí intíre a fhágáil nó ar mian leo athoiliúint a fháil i gcomhair poist in earnáil eile, chomh maith le bearta chun bunú grúpaí gnóthas a spreagadh, agus bearta a fheabhsódh scileanna na n-oibreoirí agus a chuirfeadh óiriúnú soithí don dul chun cinn teicniúil chun cinn.

(3) Chun na críche sin, an cúlchiste a cruthaíodh i ngach Ballstát ina bhfuil uiscebhealaí acu atá nasctha le huiscebhealaí i mBallstáit eile agus tonnáiste cabhlaigh iomlán de bhreis is 100 000 tona acu, d’fhéadfaí é a úsáid má iarrann na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann iompar ar uiscebhealaí intíre d’aon ghuth é.

(4) Níor baineadh úsáid as na cúlchistí riamh, cúlchistí nach bhfuil iontu ach ranníocaíochtaí ón tionscal amháin.

(5) Baineann na bearta i dtaca le nuachóiriú chabhlach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 718/1999 le cúrsaí sóisialta amháin. Ní fhoráiltear do chineálacha eile bearta tacaíochta chun cúinsí fabhracha don nuáil ó thaobh an chomhshaoil de a chruthú .

(6) Na bearta in Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 718/1999 maidir le gairmoiliúint nó scéimeanna athoiliúna, baineann siad le baill chriú uile atá ag fágáil na hearnála, lena n-áirítear úinéirí/oibreoirí, agus ní leosan amháin atá cáilithe mar oibreoirí.

[4] IO C ,, lch . .
[5] IO C ,, lch . .

(7) Le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 718/1999, déantar foráil do bhearta a spreagann úinéirí/oibreoirí chun dul isteach i gcomhlachais trádála, ach ní do bhearta a threisíonn na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann iompar ar uiscebhealach intíre ar leibhéal an Aontais, cé gur féidir le heagraíochtaí níos láidre ar fud an Aontais cabhrú chun ilroinnt san earnáil a mhaolú.

(8) Dá bhrí sin ba cheart Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 718/1999 a chomhlánú le bearta chun scéimeanna oiliúna nó athoiliúna a chur ar bun do bhaill chriú seachas iadsan amháin atá cáilithe mar "oibreoirí" atá ag fágáil an tionscail, le bearta chun oibreoirí a spreagadh chun dul isteach i gcomhlachais trádála, le bearta chun comhlachais ghairmiúla a threisiú agus chun nuáil soithí a spreagadh agus a gcur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil ó thaobh an chomhshaoil de agus ba cheart an Rialachán a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 718/1999:

‘Airteagal 8

Gan dochar d’Airteagal 3(5), féadfaidh aon Bhallstát bearta a ghlacadh go háirithe chun:

– é a dhéanamh níos fusa d’iompróirí ar na huiscebhealaí intíre atá ag fágáil an tionscail pinsean scoir luath a fháil nó bogadh go gníomhaíocht eacnamaíoch eile;

– gairmoiliúint nó scéimeanna athoiliúna a eagrú do bhaill chriú atá ag fágáil an tionscail;

– scileanna oibreoirí a fheabhsú chun forbairt agus todhchaí na gairme a chosaint.

– oibreoirí a spreagadh chun dul isteach i gcomhlachais trádála agus na comhlachais a dhéanann ionadaíocht thar ceann iompar ar uiscebhealaí ar leibhéal an Aontais a threisiú,

– oiriúnú soithí don dul chun cinn teicniúil a spreagadh chun dálaí oibre a fheabhsú agus chun an tsábháilteacht a chur chun cinn,

– nuáil soithí agus a gcur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil ó thaobh an chomhshaoil de a spreagadh.’

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |